# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004**

---

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

## ROINN B

**(160 Marc)**

---

DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH 2004 – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

---

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Úsáid Fóiliónna mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**THALL →**

## ROINN B (160 marc)

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair. Úsáid Fóilíónna mar is cuí.
Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**

**A.** I ndeireadh **Roinn A leathanach 7** tá foirm don chéad Bhuiséad agus don Bhuiséad athbhreithnithe do Mhuintir Uí Mhathúna ó Mhí Iúil go Meán Fómhair 2003. Tar éis an Buiséad a réiteach ó Mhí Iúil go Meán Fómhair 2003, cuireadh in iúl do Mhac Uí Mhathúna go mbeadh ardú céime ina phost le fáil aige. Bheadh méadú ar ioncam an teaghlaigh mar thoradh air sin ag tosú i Mí Iúil. Shocraigh Muintir Uí Mhathúna ar a mBuiséad a athbhreithniú de bharr a gcúinsí athraithe.

Iarrtar ort an fhoirm Bhuiséid athbhreithnithe a chomhlánú, agus iad seo a leanas a chur san áireamh:

- Beidh tuarastal bliantúil glan de €28,560 ag Mac Uí Mhathúna iníoctha go míosúil.
- Shocraigh Bean Uí Mhathúna go ndéanfadh sí postroinnt agus bheadh laghdú de 30% ar a tuarastal glan dá bharr ó thús Mhí Iúil.
- Shocraigh Muintir Uí Mhathúna an dara gluaisteán a cheannach trí iasacht eile a fháil. Is é an costas iomlán a bheidh ar an iasacht nua seo agus an t-ús san áireamh ná €12,000 iníoctha go míosúil thar 4 bliana ag tosú i Mí Lúnasa.
- Cosnóidh árachas ar an ngluaisteán nua €450 don bhliain, iníoctha i Mí Iúil.
- Tiocfaidh laghdú de €80 in aghaidh na míosa ar chostas an teaghlaigh láithreach.
- Tiocfaidh méadú ar chostais reatha ghluaisteáin de 40% in aghaidh na míosa ag tosú i Mí Iúil.
- Shocraigh siad laethanta saoire a thógáil i Mí Iúil ar chostas €1,600.
- Tá sé ar intinn acu maisiú an tí a chur siar go dtí Mí na Samhna.
- Tá gach ioncam agus speansais eile le fanacht mar a bhí siad.

**(30)**

**B.** Freagair na ceisteanna seo a leanas sa spás atá ann dóibh i ndeireadh **Roinn A leathanach 7**.

**(i)** Sa chéad Bhuiséad ainmnigh mí ina bhfuil an t-ioncam pleanáilte níos mó ná an caiteachas atá pleanáilte.

**(ii)** Mínigh cúrsaí airgid Mhuintir Uí Mhathúna roimh Mhí Iúil.

**(iii)** An buiséad maith é an buiséad athbhreithnithe dá gcúinsí nua? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**(10)**
**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Dhoiciméad Baincéireachta agus Chuntas Club.**

Tá uimhir chuntas reatha 91327566 i mBanc na hÉireann, Wilton, Corcaigh ag Club Peile na Ruagairí, Bóthar na Páirce, Corcaigh. Ar 13 Bealtaine 2004 lóisteáil Liam Mac Gabhann na fáltais ó chluiche a imríodh i bpáirc an chlub i gcuntas an chlub.
Bhí na méideanna seo a leanas sa lóisteáil:

| | |
|---|---|
| Seic arbh fhiú €75.50 é | 13 nóta de €20 an ceann |
| 24 nóta de €10 an ceann | 20 nóta de €5 an ceann |
| 81 mona de €2 an ceann | 143 mona de €1 an ceann |
| 90 mona de 50 cent an ceann | |

**A.** Abair gur tusa Liam Mac Gabhann agus comhlánaigh foirm lóisteála ón eolas a thugtar thuas. Bain úsáid as an doiciméad bán a thugtar i ndeireadh **Roinn A leathanach 8**, agus taispeáin do chuid oibriúchán sa spás atá ann dóibh. **(13)**

**B.** Tá an Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2003 réitithe ag an gCisteoir.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2003**

| | | € | | | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 1/1/03 | Iarmhéid t/a | 2,000 | | Teileafón | 464 |
| | Táillí Ballraíochta | 2,400 | | Cíos | 5,800 |
| | Admhálacha Raifil | 10,394 | | Ceannach Trealaimh | 11,750 |
| | Admhálacha Cluiche | 4,759 | | Árachas | 2,877 |
| 31/12/03 | Iarmhéid t/s | 3,822 | | Speansais Teagaisc | 1,860 |
| | | | | Speansais Taistil | 624 |
| | | 23,375 | | | 23,375 |
| | | | 1/1/04 | Iarmhéid t/a | 3,822 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil ar 31/12/2003:

(a) Árachas Réamhíoctha €150
(b) Speansais Taistil dlite €200
(c) Táillí Ballraíochta dlite €85
(d) Dímheas Trealaimh 10% per annum.

Iarrtar ort cuidiú leis an gCisteoir na cuntais don CBG (AGM) a chríochnú.

**(i)** Réitigh an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31/12/2003.

**(ii)** Cad é suíomh an chlub sa Bhanc ó thaobh airgid ar 31/12/2003?

**(27)**

**(40 marc)**

**THALL →**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta, Tosca Táirgthe agus Trádáil.**

**A.** Shocraigh an tAire Airgeadais ina bhuiséad le déanaí:

- an caiteachas ar **bhóithre** a mhéadú;
- cuid de **Aer Lingus** a dhíol;
- an caiteachas ar **Leas Sóisialach** a mhéadú;
- rátaí **cháin ioncaim** a mhéadú.

As na socruithe thuas sainaithin sampla **amháin** i ngach cás de:

**(i)** Caiteachas Reatha Rialtais;
**(ii)** Ioncam Caipitil Rialtais;
**(iii)** Caiteachas Caipitil Rialtais. **(6)**

**B.** Déan staidéar ar an tuairisc seo a leanas i nuachtán agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

**Dúnadh Tobann Eurocom Tta**

D'fhógair Eurocom Tta an comhlacht mór leictreonach a bhfuil foireann oibre oilte de dhá mhíle duine fostaithe acu in Éirinn, go bhfuil siad lena monarcha in Éirinn a dhúnadh agus a dtáirgeadh a athshuíomh sa Pholainn. Is é Eurocom Tta an t-aon déantóir de shliseanna ríomhaire d'ardchaighdeán a úsáideann déantóirí Éireannacha agus Eorpacha. Beidh sé deacair ar an bhfoireann oibre malairt fostaíochta a fháil go luath.

Mínigh éifeacht an dúnta seo ar:
**(i)** Ioncam Reatha an Rialtais;
**(ii)** Caiteachas Reatha an Rialtais;
**(iii)** Comhardú Trádála na hÉireann. **(12)**

**C.** Tá socruithe ag an Rialtas níos mó ospidéal a thógáil.
Sainaithin agus mínigh costas deise **amháin** a bhaineann leis an socrú seo don Rialtas. **(4)**

**D.** Ainmnigh na **ceithre** thoisc táirgthe agus luaigh sampla **amháin** i ngach cás. **(12)**

**E.** Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:
**(i)** Buiséad Náisiúnta;
**(ii)** Barrachas Trádála;
**(iii)** Fás Geilleagrach. **(6)**

**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH roinn. Baineann an cheist seo le hÁrachas.**

Oibríonn Seán mar bhainisteoir oifige. Tá teach agus gluaisteán aige. Tá ceathrar páistí aige agus morgáiste mór ar a theach. Tá sé ag smaoineamh gan an t-árachas ar an teach agus ar an ngluaisteán a athnuachan toisc go bhfuil na costais árachais méadaithe.

**A.** **(i)** Cén téarma a úsáidtear don mhéid a íocann Seán ar Árachas? **(3)**

**(ii)** An bhfuil riachtanas dlí ar Shéan árachas a chur ar

- a theach;
- a ghluaisteán.

Mínigh do fhreagra i **ngach** cás. **(6)**

**(iii)** Tabhair **dhá** chúis fhéideartha go bhfuil méadú tagtha ar chostais árachais Sheáin. **(6)**

**B.** Mhol bróicéir do Sheán dóthain clúdach árachais a fháil agus cuimhneamh ar phrionsabal 'de mheon lánmhaith' nuair a bheadh árachas á cheannach aige.

**(i)** Mínigh an riachtanas a bhaineann le dóthain árachais a bheith ar a ghluaisteán agus ar a theach. **(4)**

**(ii)** Ainmnigh an doiciméad a chomhlánaigh Seán nuair a thóg sé amach árachas. **(3)**

**(iii)** Nuair a bhíonn sé ag cur isteach ar árachas gluaisteáin, luaigh **trí** phíosa eolais seachas an t-ainm, seoladh agus uimhir theileafóin a chaithfidh Seán a thabhairt. **(6)**

**(iv)** Mínigh cad is ciall leis an bprionsabal 'de mheon lánmhaith'. **(4)**

**C.** Teastaíonn ó Sheán árachas de €160,000 a chur ar theach an teaghlaigh agus €70,000 ar a bhfuil sa teach. Fuair sé luachan óna bhróicéir de €12 in aghaidh €10,000 don teach agus €8 in aghaidh €1,000 dá bhfuil sa teach. Tá laghdú de 15% toisc go bhfuil aláram sa teach.

Ríomh costas an árachais ar theach an teaghlaigh. Taispeáin do chuid oibriúchán. **(8)**

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH ceist. Ceist í seo faoi Bhaincéireacht agus Iasachtaí.**

Tá cuntas i mBanc Uladh ag Cáit Ní Shé. Fuair sí an ráiteas bainc seo a leanas ar 2 Meitheamh 2004.

**Ráiteas Cuntais**

Banc Uladh,
Clár Chlainne Mhuiris,
Co. Mhaigheo.

Cód Brainse: 91-05-09
Uimh. Chuntais: 1961218
Dáta: 31 Bealtaine 2004

Cáit Ní Shé,
Bóthar Mór,
Clár Chlainne Mhuiris,
Co. Mhaigheo.

| Dáta | Sonraí | Dochar € | Sochar € | Iarmhéid € |
|---|---|---|---|---|
| 1 Bealtaine 2004 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 679 |
| 3 Bealtaine 2004 | Seic 73 | 174 | | 505 |
| 15 Bealtaine 2004 | Paypath | | 1,450 | 1,955 |
| 17 Bealtaine 2004 | DD - BSL | 750 | | 1,205 |
| 20 Bealtaine 2004 | UMB – Béal an Átha | 400 | | 805 |
| 24 Bealtaine 2004 | Seic 72 | 340 | | 465 |
| 28 Bealtaine 2004 | Táillí Bainc | 18 | | 447 |

Déan staidéar ar an ráiteas bainc seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**A.** **(i)** An cuntas taisce nó cuntas reatha é seo? Tabhair cúis le do fhreagra. **(4)**

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fiacha a íoc le seic. **(4)**

**(iii)** Mínigh conas a oibríonn an córas DD. **(4)**

**(iv)** Mínigh na bearta a tharla ar na dátaí:
- 15 Bealtaine;
- 20 Bealtaine;
- 28 Bealtaine. **(6)**

**B.** Tá Cáit ag smaoineamh ar €4,000 a fháil ar iasacht ón mBanc chun gluaisteán a cheannach ar athláimh. Níl sí cinnte ar chóir di iasacht nó rótharraingt a lorg.

**(i)** Luaigh **dhá** dhifríocht atá idir iasacht agus rótharraingt. **(6)**

**(ii)** Mínigh **trí** thoisc a chuirfeadh an banc san áireamh sula dtabharfaidís iasacht do chustaiméir. **(9)**

**C.** **(i)** Dá ndiúltódh an banc d'iarratas airgeadais Cháit, luaigh foinse oiriúnach eile airgeadais a d'fhéadfadh sí a roghnú chun an gluaisteán a fháil.

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhfoinse airgeadais atá roghnaithe.

**(7)**
**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH roinn. Baineann an cheist seo le Daoine ag Obair.**

**A.** Oibríonn Siobhán do Torthaí Úra Tta ag díol agus ag seachadadh torthaí agus glasraí le siopaí agus óstáin i gCo. Liatroma. Íoctar bunphá de €160 in aghaidh na seachtaine léi móide coimisiún de 5% ar dhíolacháin sheachtainiúla de bhreis ar €3,000. Rinne sí díolacháin de €8,440 an tseachtain seo caite.

Ríomh ollphá Shiobháin don tseachtain. **(5)**

**B.** Tá Siobhán ag smaoineamh ar a bheith féinfhostaithe i ngnó na dtorthaí agus na nglasraí. Beidh uirthi fostaí amháin a earcú.

**(i)** Mínigh, le sampla amháin, cén difríocht atá idir obair agus fostaíocht. **(4)**

**(ii)** Luaigh **dhá** luach saothair agus **dhá** bhaol a bhaineann le bheith féinfhostaithe. **(8)**

**(iii)** Luaigh **trí** fhreagracht a bheidh ar an bhfostaí nua. **(9)**

**(iv)** Luaigh **dhá** asbhaint reachtúla a bhaintear as ollphá fostaí. **(4)**

**(v)** Mínigh an chúis le gach ceann de na hasbhaintí reachtúla sin. **(4)**

**C.** Measann Siobhán go mbeadh €150,000 mar chostais bhliantúla iomlán ag a gnó nua.

Ríomh na meándíolacháin mhíosúla a bheadh ag teastáil má tá Siobhán chun meánbhrabús míosúil de €4,500 a fháil. **(6)**

**(40 marc)**

Leathanach Bán